Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2022
(OR. en)

9471/22
PV CONS 32
ECOFIN 499

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)

24 Bealtaine 2022

## CLÁR

**Leathanach**

1. Glacadh an chláir oibre ..... 3

2. Formheas na míreanna 'A' ..... 3
   (a) Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha
   (b) Liosta don phlé reachtach

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Iarmhairtí eacnamaíocha agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin ..... 4

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

4. Aon ghnó eile ..... 5
   Tograí reachtacha maidir le seirbhísí airgeadais atá á scrúdú faoi láthair

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

5. An téarnamh eacnamaíoch ..... 5
   Staid na himeartha maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta

6. Obair leantach na n-airí airgeadais agus Ghobharnóirí Bhainc Cheannais G20 ..... 5

7. Aon ghnó eile ..... 5
   Obair na Meithle um an Aontas Custaim

IARSCRÍBHINN – Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle ..... 6

***

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9192/22, seachas mír 6, mír a baineadh den chlár.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha** 9193/22

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 9193/22, lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a cuireadh faoina bráid lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna seo san Aguisín.

Le haghaidh na míreanna seo a leanas, léitear na doiciméid mar a leanas:

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

| | | |
|---|---|---|
| 2. | Cinneadh ón gComhairle maidir le formheas an dréachtdearaidh le haghaidh mona comórtha 2 euro arna thíolacadh ag Málta a d'fhormheas Coreper (Cuid 2), an 18 Bealtaine 2022 | 7977/22 **+ COR 1 (es)** UEM |

**(b) Liosta don phlé reachtach (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** 9194/22

Ceartas agus Gnóthaí Baile

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 maidir le Europol**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 18 Bealtaine 2022 | ❶C | 8927/22 + ADD 1<br>PE-CONS 8/22<br>ENFOPOL |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagal 88 CFAE). Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

<u>Iompar</u>

2. Treoir maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe (athmhúnlú) ❶C — 8674/22, PE-CONS 37/21, CODIF, MAR
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 18 Bealtaine 2022

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagal 100(2) CFAE).

<u>Gnóthaí Eachtracha</u>

3. Rialachán maidir le léirscaoileadh sealadach trádála idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin ❶C — 9266/22, PE-CONS 21/22, POLCOM
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
*Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 20 Bealtaine 2022

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagal 207(2) CFAE).

Chinn an Chomhairle maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas.

<u>Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais</u>

4. Rialacháin maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha (ELTIFanna) ❶C — 8839/22, 8840/1/22 REV 1, EF
*Cur chuige ginearálta*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 18 Bealtaine 2022

Ghlac <u>an Chomhairle</u> cur chuige ginearálta maidir leis an togra seo le haghaidh Rialacháin. (Bunús dlí: Airteagal 114 CFAE.)

## <u>**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**</u>

3. Iarmhairtí eacnamaíocha agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin — 9042/1/22 REV 1
*Malartú tuairimí*

## Plé reachtach
## (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

4. Aon ghnó eile — 8892/22
Tograí reachtacha maidir le seirbhísí airgeadais atá á scrúdú faoi láthair
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Chuir an Uachtaránacht na hairí ar an eolas faoi staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha maidir le seirbhísí airgeadais atá á scrúdú faoi láthair.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

5. An téarnamh eacnamaíoch
Staid na himeartha maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta
*Malartú tuairimí*

6. Obair leantach na n-airí airgeadais agus Ghobharnóirí Bhainc Cheannais G20 — 8834/22
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*
*Malartú tuairimí*

7. Aon ghnó eile — 9059/22
Obair na Meithle um an Aontas Custaim
*Cur i láthair ón gCoimisiún*

---

**IARSCRÍBHINN**

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 9194/22**

**Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':**

**Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 maidir le Europol**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Comhaontaíonn an Ostair leis an Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 maidir le Europol i bhfianaise an róil thábhachtaigh atá ag Europol i gcomhrac na coireachta agus i bhfianaise na tacaíochta a chuirtear ar fáil do na Ballstáit ina leith sin.

Tugann an Ostair dá haire freisin, áfach, nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach sa Rialachán – ar toradh é ar chomhréiteach polaitiúil – ar ábhair mhóra imní na hOstaire maidir le cosaint sonraí agus go dteipeann air i ndáil leis na caighdeáin maidir le cosaint sonraí, caighdeáin a d'iarr an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Baineann na hábhair imní sin go háirithe leis na tréimhsí fada coinneála i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta nár cuireadh i gcatagóir (Airteagal 18(6a)), go bhféadfar tús a chur le próiseáil sonraí sula rachaidh an tréimhse chomhairliúcháin in éag (Airteagal 39(3)) agus na tréimhsí coinneála fada dá bhforáiltear sna socruithe idirthréimhseacha (Airteagail 74a agus 74b).'

**RÁITEAS Ó LUCSAMBURG**

'Vótálfaidh Lucsamburg i bhfabhar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar shonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus an ról atá ag Europol maidir le taighde agus nuálaíocht.

Ó cuireadh tús leis an gcaibidlíocht, táimid ag obair chun cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais oibríochtúla Europol ar thaobh amháin agus na ceanglais maidir le cosaint sonraí pearsanta ar an taobh eile.
Is i bhfianaise an tseasaimh phrionsabálta sin gurb oth le Lucsamburg na tréimhsí fada coinneála le haghaidh sonraí nár cuireadh i gcatagóir dá bhforáiltear in Airteagal 18(6a), in Airteagal 74a agus in Airteagal 74b.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**
**maidir le cur chun feidhme an tsásra lenar féidir le Europol moltaí a dhéanamh go n-eiseofar foláirimh i gCóras Faisnéise Schengen**

'Mar chuid den mheastóireacht a dhéanfaidh an Coimisiún faoi Airteagal 68(3) de Rialachán (AE) 2016/794, trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, tuairisceoidh an Coimisiún ar thionchar oibríochtúil an tsásra nua a bhunaítear in Airteagal 4(1)(r) de Rialachán (AE) 2016/794. Faoin sásra sin, féadfaidh Europol a mholadh do na Ballstáit, bunaithe ar shonraí a fhaigheann Europol ó thríú tíortha nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, foláirimh faisnéise a iontráil chun leas an Aontais i gCóras Faisnéise Schengen maidir le daoine a bhfuil baint acu le sceimhlitheoireacht nó le coireacht thromchúiseach agus eagraithe. Déanfaidh an Coimisiún an mheastóireacht sin ar bhonn tuarascálacha a sholáthróidh Europol maidir leis na tograí a dhéanfar le haghaidh foláirimh i gCóras Faisnéise Schengen agus maidir leis na foláirimh a chuirfidh na Ballstáit isteach ina dhiaidh sin i gCóras Faisnéise Schengen.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**
**maidir leis an gcaidreamh idir Europol agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh**

Is é tuairim an Choimisiúin nach féidir leis na forálacha maidir leis an gcaidreamh idir Europol agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), mar a leagtar amach in Airteagal 20a de Rialachán (AE) 2016/794, na hoibleagáidí ar Europol a eascraíonn as Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle a theorannú, agus dá bhrí sin déanfar iad a léiriú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an Airteagal deireanach sin.

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**
**maidir leis na forálacha i ndáil le comhar Europol le tríú tíortha**

'A mhéid a bhaineann le rialacha maidir le comhar Europol le tríú tíortha, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil gá le comhaontú idirnáisiúnta faoi Airteagal 218 den Chonradh, mar a fhoráiltear dó cheana in Airteagal 25(1)(b) de Rialachán (AE) 2016/794 i gcás aon aistriú sonraí pearsanta ó Europol chuig tríú tír ar bhonn "ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí". Tugann an Coimisiún dá aire freisin, maidir le haon aistriú sonraí pearsanta ó Europol chuig tríú tír ar bhonn measúnú ar choimircí iomchuí arna ndéanamh ag Europol, nach mór dóibh na ceanglais a leagtar amach i gcásdlí[1] Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, agus go gceanglaítear ar an gcaoi sin ar Europol a chinneadh go soláthraíonn an leibhéal cosanta sonraí sa tríú tír coibhéis bhunúsach i dtéarmaí cosanta sonraí. Má cheadaítear sonraí a aistriú bunaithe ar mheasúnú den chineál sin gan gá a bheith ann réamhthoiliú a fháil ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí mar a fhoráiltear dó in Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) 2016/794, beidh baol ann go ndéanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí idirghabháil ina dhiaidh sin bunaithe ar mheasúnú éagsúil ar na coimircí cosanta sonraí agus d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar chomhar i bhforfheidhmiú an dlí dá bhrí sin.'

1 Tuairim 1/15, *Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ceanada i dtaca le Taifid Ainmneacha Paisinéirí,* EU:C:2017:592 (26.7.2017); breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2015, *Schrems*, C-362/14, EU:C:2015:650; breithiúnas an 16 Iúil 2020, C-311/18, *Schrems II*, EU:C:2020:559.

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**
**maidir leis an gcomhar idir Europol agus Interpol a neartú**

'Meabhraítear don Choimisiún, sa chaibidlíocht leanúnach ar chomhaontú comhair idir an tAontas Eorpach agus Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (ICPO-INTERPOL), agus i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta a thug an Chomhairle[2], go bhféachann an Coimisiún leis an gcomhar idir Europol agus Interpol a neartú, agus na forbairtí is déanaí i gcomhrac na sceimhlitheoireachta, agus na coireachta eagraithe tromchúisí trasteorann agus trasnáisiúnta á gcur san áireamh, mar aon le riachtanais oibríochtúla reatha agus sainordú Europol. Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún a áirithiú, i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta atá tugtha ag an gComhairle[3], go soláthraítear leis an gcomhaontú an bunús dlí chun údarú a thabhairt do Europol rochtain a fháil ar bhunachair sonraí ábhartha Interpol chun a chúraimí a chomhlíonadh.'

---

2 Cinneadh ón gComhairle (AE) 2021/1312 an 19 Iúil 2021 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú comhair idir an tAontas Eorpach agus Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (ICPO-INTERPOL).

3 Cinneadh ón gComhairle (AE) 2021/1312 an 19 Iúil 2021 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú comhair idir an tAontas Eorpach agus Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (ICPO-INTERPOL).